Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**9265/1/18**
**REV 1**

**COASI 127**
**ASIE 24**
**POLMIL 59**
**COPS 168**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Comhar treisithe idir an tAontas agus an Áise, san Áise, i dtaobh cúrsaí slándála<br>- Conclúidí ón gComhairle (28 Bealtaine 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn leagan comhdhlúite de na conclúidí ón gComhairle maidir le comhar treisithe idir an tAontas agus an Áise, san Áise, i dtaobh cúrsaí slándála, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3621ú cruinniú dá cuid ar an 28 Bealtaine 2018.

## COMHAR TREISITHE I dTAOBH CÚRSAÍ SLÁNDÁLA IDIR AN tAONTAS AGUS AN ÁISE, SAN ÁISE

### Conclúidí ón gComhairle

1. Leagann an Chomhairle béim ar an ról atá ag an Aontas ina cháil mar chomhpháirtí slándála domhanda, ag teacht leis na tosaíochtaí a sainaithníodh i straitéis dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir leis an mbeartas eachtrach agus slándála, ag teacht lena bhfuil á dhéanamh i láthair na huaire chun treisiú le comhbheartas slándála agus cosanta an Aontais Eorpaigh (CBSC) agus ag teacht le conclúidí ábhartha ón gComhairle, eadhon na conclúidí sin a ghlac an Chomhairle an 6 Márta 2017 agus an 13 Samhain 2017.

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur ar mhaithe leis an Aontas féin é, go bunúsach, go n-oibreodh sé i gcomhar le comhpháirtithe éagsúla ar fud an domhain, an Áise san áireamh, chun a chuid saoránach a chosaint, chun na luachanna bunúsacha ar a bhfuil an Aontas fothaithe a chaomhnú, lena n-áirítear cearta an duine a chosaint, chun tacú leis an gcóras rialacha idirnáisiúnta, chun an t-iltaobhachas a chur chun cinn, chun cuidiú le cobhsaíocht réigiúnach, chun coinbhleachtaí foréigneacha a chosc agus chun leas eacnamaíoch an Aontais a dhaingniú.

3. Tuigeann an Chomhairle gur tábhachtaí anois ná riamh don Aontas go mbeadh an tslándáil i dtaca san Áise agus cuireann sí i dtreis go bhfuil ról nach beag ag tíortha na hÁise, ag eagraíochtaí réigiúnacha agus ag ardáin de chuid na hÁise, amhail Cruinniú an Áise-an Eoraip (ASEM), féachaint chuige go mbeadh an chobhsaíocht agus an tsíocháin faoi réim. Chuir an Chomhairle i bhfios go láidir gur chóir, leis an méid atá á dhéanamh an comhar slándála idir an tAontas agus an Áise a fheabhsú agus an nascacht idir an Eoraip agus an Áise a fheabhsú, gur chóir go dtreiseoidís féin a chéile.

4. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil dea-thoradh cheana féin, ó thaobh na slándála de, ar an gcomhar sin. Is díol sásaimh di an méid a rinne cabhlach na hÁise chun an phíoráideacht agus an robáil armtha amach ó chósta na Somáile a chosc agus a chomhrac. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin go bhfuil an tAontas ina chomhchathaoirleach ar an gcruinniú idirsheisiúnach maidir le slándáil mhuirí (2018-2020), ar cruinniú de chuid Fhóram Réigiúnach Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ARF) é, agus go bhfuil babhtaí éagsúla den idirphlé ardleibhéil idir an tAontas agus ASEAN maidir le slándáil mhuirí á reáchtáil aige.

5. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil deiseanna móra ann an comhar idir an tAontas agus comhpháirtithe straitéiseacha na hÁise s'aici: Is é sin le rá an tSín, an India, an tSeapáin agus Poblacht na Cóiré. Cuireann sí i dtreis freisin a thábhachtaí atá sé go ndaingneofaí an comhar le comhpháirtithe eile, le cois ASEAN agus na stáit atá rannpháirteach ann. Ba cheart, i ngach cás, béim a leagan ar thorthaí nithiúla agus aghaidh á tabhairt ar na dúshláin choiteanna atá romhainn ó thaobh slándála de, san Áise agus in áiteanna eile freisin (go mór mór san Afraic agus sa Mheánoirthear), lena n-áirítear i dtaobh na rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, ionas gur d'aon lámh a rachfaí i mbun comhair.

6. Meastar don Chomhairle gurb iad seo a leanas na réimsí is tábhachtaí maidir le rannpháirtíocht daingean slándála: slándáil mhuirí, an chibearshlándáil, an fhrithsceimhlitheoireacht, bagairtí hibrideacha, cosc coinbhleachtaí, leathadh arm ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach (CBRN) agus orduithe maidir le comhar réigiúnach. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór don chomhar idir an tAontas agus an Áise, san Áise, i dtaca le cúrsaí slándála agus cosanta, a bheith infheidhme. Tugann an Chomhairle dá haire go gcuideodh dlúthchomhar idir an tAontas agus na Ballstáit i dtaca le gach gníomhaíocht a bhaineann leis an tslándáil, leis an infheictheacht agus leis an bhfeidhm chomhchoiteann.

7. Aontaíonn an Chomhairle gur chóir gurb iad seo a leanas na neastosaíochtaí ba cheart a bheith ann i dtaca le comhar an Aontais agus na hÁise, san Áise, i dtaobh cúrsaí slándála:

   a) Tacú le síocháin réigiúnach agus le cobhsaíocht réigiúnach san Áise, agus an t-idirphlé atá ar bun cheana nó aon idirphlé a bheadh ann amach anseo a chomhlánú le fothú acmhainní, nuair is iomchuí, le cláir oiliúna agus le freachnaimh chomhpháirteacha;

   b) Cur lena infheicthe is atá rannpháirtíocht an Aontais agus príomh-chomhpháirtithe na hÁise i dtaobh na slándála, agus cur freisin le feidhm na rannpháirtíochta sin, trí chur chuige saincheaptha i dtaobh comhair, trí iarrachtaí an Aontais i leith na slándála a dhíriú go sonrach ar an tír lena mbaineann;

   c) Cur leis an gcomhar, leis na comhlántachtaí agus leis na sineirgí atá ann idir tionscnaimh déthaobhacha na mBallstát fud fad na hÁise;

d) Rannpháirtíocht an Aontais a chur i bhfeidhm tuilleadh i dtaca le struchtúir réigiúnacha slándála faoi stiúir ASEAN agus i dtaca le cineálacha eile comhair iltaobhaigh slándála san Áise, lena n-áirítear próiseas Airí Cosanta ASEAN+ agus cruinniú mullaigh na hÁise Thoir;

e) Tacú le ASEAN agus na stáit atá rannpháirteach ann aghaidh níos fearr a thabhairt ar shaincheisteanna slándála muirí, idir shaincheisteanna traidisiúnta agus neamhthraidisiúnta, amhail seasamh le saoirse loingseoireachta, an comhrac i gcoinne na píoráideachta, na coireachta eagraithe, na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe, neamhrialáilte (NNN), na gáinneála neamhdhleathaí agus truailliú muirí;

f) Treisiú leis an gcomhar le comhpháirtithe eile na hÁise, lena n-áirítear le Comhlachas Imeall an Aigéin Indiaigh (IORA), i dtaobh slándáil mhuirí;

g) An comhar a dhaingniú i dtaobh coinbhleachtaí a chosc agus i dtaobh cur i gcoinne daoine a bheith ag dul saor ó phionós, trí oibriú ar bhonn comhpháirteach, chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna, agus leas iomlán á bhaint as an taidhleoireacht choisctheach agus, freisin, agus an t-athchóiriú ar earnáil na slándála á chur chun cinn;

h) Comhar treisithe i dtaca leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus leis an gcomhrac i gcoinne an antoisceachais fhoréignigh trí aghaidh a thabhairt ar an mbagairt ó throdaithe eachtracha sceimhlitheoireachta, mar shampla, ar an radacú lena n-áirítear sna príosúin agus ar an uile chineál bagartha ar líne;

i) An comhar a dhaingniú i dtaca le seasamh le creataí normatacha idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) agus Conradh Cianspáis na Náisiún Aontaithe, agus bearta cothaithe muiníne a chur chun feidhme ar an mbonn sin;

j) Treisiú leis an gcomhar i dtaca leis an gcibearshlándáil ar mhaithe le cibearspás domhanda a bheadh oscailte, saor, cobhsaí agus slán. An comhar a dhaingniú i dtaca le himscrúduithe a chur ar bun i gcás na cibearchoireachta, agus ionchúisimh a thabhairt, i gcomhréir le Coinbhinsiún Bhúdaipeist agus oibriú i gcomhar le comhpháirtithe na hÁise chun an dlí idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm i dtaca leis an gcibearspás agus gnásanna a chur chun feidhme i dtaca le hiompar freagrach stáit agus fothú cibearacmhainní;

k) Bunaithe ar chur chuige comhtháite an Aontais, conarthaí idir airm agus conarthaí idir foirne a mhéadú de réir a chéile le príomh-chomhpháirtithe slándála na hÁise;

l) Rannpháirtíocht na hÁise a spreagadh i misin agus in oibríochtaí CBSC an Aontais agus oiliúint de chuid an Choláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint (ESDC) a chur ar fáil do thíortha a mbeadh suim acu bheith páirteach in oibríochtaí de chuid an Aontais;

m) Féachaint ar na deiseanna atá ann don Aontas agus do na Ballstáit, ag oibriú dóibh leis na hacmhainní atá ann cheana, breathnú ar fhreachnaimh faoi stiúir chomhpháirtithe na hÁise, nó bheith rannpháirteach sna freachnaimh sin, agus dlús a chur leis an gcomhar i dtaca le hoiliúint síochánaíochta na Náisiún Aontaithe;

n) Fothú spriocdhírithe acmhainní, oiliúint spriocdhírithe agus freachnaimh chomhpháirteacha a fhorbairt i dtaca le maolú leathadh arm ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach (CBRN), lena n-áirítear trí ionaid réigiúnacha barrfheabhais faoi stiúir an Aontais;

o) Treisiú leis an gcomhar le comhpháirtithe na hÁise i dtaca le dúshláin dhomhanda a bhaineann le cúrsaí slándála, amhail an t-athrú aeráide, slándáil comhshaoil, díghrádú na bithéagsúlachta, an imirce neamhrialta agus fóirithint dhaonnúil agus anachaine.

8. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún an t-eolas is deireanaí a thabhairt faoi chur chun feidhme na dtosaíochtaí sin.